# Is Féidir Téarnamh Cothrom Bheith Ann

A Fair Recovery is Possible

www.sinnfein.ie/FairRecovery
#FairRecovery

# Sinn Féin

# GHLAC PÁIRT

Bí i do bhall den páirtí polaitiúla atá ag fás níos tapúla ná an pháirtí eile in Éireann agus cabhraigh le Éire nua a thógáil.

## BÍ I DO BHALL

Bí i do bhall de Shinn Féin agus beir greim ar cárta ballraíochta. Shocraíonn tú féin an méid obair a dhéanann tú ar són Sinn Féin.

## ÁR LINE

www.sinnfein.ie

Fan suas chun dáta le nuacht an pháirtí, ár bpolasaithe agus obair do ionadaithe tofa

## TÉACS

Seol Sinn Féin, le do ainm agus do sheoladh ina dhiaidh go 51444 (26 Chontae) nó 60060 (Sé Chontae)

## MEÁN SÓISIALTA

Lean ar Facebook agus Twitter

# IS FÉIDIR TÉARNAMH COTHROM BHEITH ANN

Deir an Rialtas go bhfuil téarnamh ar siul. Má tá, ni téarnamh cothrom é.

Is téarnamh ar dhá leibhéal é, atá chun a leas féin agus leas a gcairde ag an mbarr, ní bunús shaoránaigh na hÉireann a oibríonn go crua agus at cothrom ina n-aigne.

Creideann Sinn Féin go bhfuil téarnamh cothrom indéanta. Creidim gur féidir sochaí chothrom a bheith ann. Creidim gur féidir an cairdeas fabhair agus an tsaint a ionadú le cothrom na féinne agus dóchas.

Is iomaí sin sampla ann de ghéilliúlacht an Rialtais do na héilíteanna sa bhaincéireacht agus in institiúidí airgeadais eile. Tá níos mó samplaí, fiú, ann de conas a bhain siad luach ó shaothraithe íseal agus meánacha, na boicht agus teaghlaigh atá ag saothrú le híoc as saint an mhionlaigh.

Scrios Fianna Fáil an geilleagar agus is beag a foghlaimíodh ó shin. Rinne Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre aithris ar a gcuid beartas. Ansin, nuair a bhí deis le linn Cháinaisnéis 2015 an t-ualach a laghdú ar mhuintir na hÉireann, roghnaigh siad ar chuidiú leis an 10% ba shaibhre. Tá siad anois ar tí sinn a thabhairt ar ais chuig beartais Fhianna Fáil a chothaigh borradh agus cliseadh, lenar cuireadh na billiúin euro amú le toghcháin a cheannach agus ar dhíolomar go léir go daor astu.

Tá athrú mór ag teastáil uainn sa chaoin a ndéantar polaitíocht.

Sna míonna atá amach romhainn, leagfaimid amach ár bhforógra agus réimse de bheartais mhionsonraithe, chostáilte. Tá sé curtha le chéile le plé a spreagadh faoin todhchaí, faoin gcineál tíre agus sochaí ar mhaith linn cónaí inti, faoi chothroime agus faoin gcineál téarnaimh ba mhaith linn.

**Tá an cineál tíre is mian linne a fheiceáil bunaithe ar an gceart:**

- **Pá cuibhiúil ar son obair chuibhiúil.**
- **Rochtain ar sheirbhísí poiblí den chéadghrád.**
- **Cúram leanaí ar phraghas réasúnta.**
- **Deireadh le muirir uisce agus an córas cánach a dhéanamh cothrom.**
- **Plé a dhéanamh ar an ngéarchéim tithíochta.**
- **Cuirfear geilleagar uile-Éireann chun cinn a bheas lenár leas uile.**

Beidh cinntí móra roimh mhuintir na hÉireann agus tá plé macánta ag teastáil uainn. Beimid á phlé seo le gach pobal ar fud na hÉireann sa dá mhí dhéag atá romhainn agus sinn ag bogadh i dtreo chomóradh 100 bliain Éirí Amach na Cásca agus idéil an Fhorógra a chur i bhfeidhm.

***Gearóid Mac Ádaimh TD***
***Samhradh*** 2015

**Creideann Sinn Féin go gcaithfidh seirbhísí maithe poiblí, cearta láidre fostaíochta agus córas cothrom cánach teacht le téarnamh cothrom. Ní gá le cineál nua polaitíochta le Téarnamh Cothrom trína léirítear meas ar chearta saoránach agus a chuirtear i bhfeidhm go follasach, go cothrom agus mar is ceart.**

# Is Féidir Téarnamh Cothrom Bheith Ann

## TÉARNAMH COTHROM LE HAGHAIDH OIBRITHE AGUS TEAGHLACH

- Obair chuibhiúil ar son pá cuibhiúil - An t-íosphá a mhéadú de €1, cosc a chur ar chonarthaí nialas uair.
- Deireadh a chur le cánacha míchothroma - táillí maoine agus uisce.
- Cúram leanaí inacmhainne a sholáthar.
- Tacú le cruthú post agus deireadh a chur le heisimirce faoi éigean.
- An geilleagar uile-Éireann a fhorbairt.

## CIALLAÍONN TÉARNAMH COTHROM COMHIONANNAS LE HAGHAIDH GACH SAORÁNACH

- Bailte tuaithe a athnuachan.
- Comhchearta do Ghaeilgeoirí.
- Feachtas a fhearadh ar son Bille um Chearta do gach Saoránach.
- Leanúint ar aghaidh ag feachtasaíocht ar son reifrean uileoileáin ar aontacht na hÉireann.

## CIALLAÍONN TÉARNAMH COTHROM INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH I SEIRBHÍSÍ POIBLÍ AGUS I DTITHÍOCHT

- 10,000 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh roimh dheireadh 2017.
- Bru díreach ar na bainc a mhéadú le réitigh inbhuanaithe a thairiscint d'úinéirí tí maidir lena mbroid mhorgaiste a ligfeadh dóibh fanacht i dteach an teaghlaigh.
- Rachfaí i ngleic le plódú sa Rannóg Éigeandála agus le géarchéim na dtralaithe.
- Chuirfí deireadh le muirir oideas agus chinnteofaí go bhfaigheadh páistí atá breoite go trom agus atá míchumasaithe na cártaí leighis atá ag teastáil uathu.

## CIALLAÍONN TÉARNAMH COTHROM BEALACH NUA LE POLAITÍOCHT A DHÉANAMH

- Deireadh a cuir le éilliú agus cronyism doibh siúd i saol poiblí.
- Tuarastail airí a chiorrú de 40% agus tuarastail TDanna agus Seanadóirí de 20%.
- Ollchóiriú a dhéanamh ar cheapacháin ar bhoird Stáit.
- Trédhearcacht maidir le húsáid airgid phoiblí.
- Oifig Rialaitheora Pleanála a bhunú.

# ‘TÉARNAMH’ FHINE GAEL AGUS PHÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE - CÉ DÓ A BHFUIL SÉ COTHROM?

**Baineadh breis agus €30 billiún amach as geilleagar na hÉireann mar cháin agus chiorruithe le linn an chúlaithe eacnamaíochta, cúlú ar chuir Fianna Fáil tús leis, agus ar chuir siad fad leis. Ach níorbh amhlaidh a bhí go gach duine. D’fhulaing daoine áirithe, ar nós páistí a bhí breoite tinn agus seandaoine soghonta, d’fhulaing siad go mór. Rinneadh daoine eile a chosaint agus is iad siúd is mó a bhainfidh leas arís as ‘téarnamh’ Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre.**

## CÉ ORTHU AR CUIREADH IALLACH ÍOC?

### TEAGHLAIGH AR IONCAIM ÍSLE - MEÁNACHA

Rinneadh cuid mhór a bhrú faoin uiscelíne mar gheall ar an gCáin Mhaoine, USC agus Muirir Uisce.

### POBAIL BHEAGA TUAITHE

Chuaigh breis agus leathmhilliún duine ar imirce ó 2008 agus tá meath mór ar chuir mhór pobal tuaithe anois.

### DAOINE ÓGA AGUS PÁISTÍ

Táan mhuintir ógag fágáilina sluaitemar gheall ar easpa deiseanna, phá íseal aguseaspa rochtana ar thithíochtagus chúram leanaí. Gearradh siar go mór sochar tuismitheora aonair agus sochar linbh agus liúntas pillte ar scoil.

### NA DAOINE IS MÓ RIACHTANAS

Baineadh Cártaí Leighis Lánroghnacha as na mílte páistí agus daoine fásta atá go dona tinn agus míchumasach. Tugadh isteach Muirir Oideas, agus bhí ar dhaoine maireachtáil gan leigheas. Cuireadh ciorruithe móra i bhfeidhm ar uaireanta Cúntóirí Baile, ar an deontas soghluaisteachta agus ar an Deontas um Chúram Faoisimh.

### AN TSEIRBHÍS SLÁINTE

Tá duine as gach ochtar othar ar liosta feithimh ospidéil sa scuaine le breis agus bliain. Tá daoine áirithe ag fanacht ar feadh ceithre bliana beagnach le comhairleoirí a fheiceáil. Bhí 600 othar ar thralaithe in Eanáir 2015.

### DAOINE A BHFUIL DEACRACHTAÍ TITHÍOCHTA ACU

Tá 90,000 duine ar liostaí feithimh do thithíocht shóisialta; 104,693 a bhfuil riaráistí morgáiste acu, tháinig méadú faoi dheichniúr ar imeachtaí dlí chun tithe a athshealbhú, tá cíos ag dul in airde agus tá méadú ag teacht ar líon na bpáistí atá gan dideán.

## CÉ AR THUG FINE GAEL AGUS PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE COSAINT DÓIBH?

### FORBRÓIRÍ RÉADMHAOINE

Ligeadh do NAMA tuarastail de €200,000 sa bhliain a íoc le forbróirí nuair a bhí cártaí leighis á mbaint de pháistí.

### SEALBHÓIRÍ BANNAÍ

Íocadh na billiúin le sealbhóirí bannaí sinsearacha agus sóisearacha a rinne cearrbhachas ar bhainc neamhsheasmhacha agus bhris an rialtas an nasc sóisialta a bhí aige le muintir na hÉireann.

### CREACH-CHAIPITLITHE

Bhí sócmhainní na hÉireann á ndíol go práinneach ar luach laghdaithe go mór nuair a bhí saoránaigh na hÉireann ag láimhseáil na gcaillteanas.

### DAOINE AN-RACHMASACHA

Ligeadh do bhealaí éalaithe maidir le cáin rachmais agus faoiseamh cánach dul ar aghaidh. I gCáinaisnéis 2015 in áit an an t-ualach a laghdú orthu siúd a d’fhulaing is mó le ceithre bliain, rinne Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre tosaíocht de chuidiú leis an 10% is saibhre.

### BAINC

Cuireadh €64 billiún dár gcuid airgid isteach sna bainc agus ligeadh do bhainisteoirí banc tuarastal €800,000 a íoc leo féin sa bhliain agus coinníodh rátaí morgáiste go hard agus rinneadh bagairt na díbeartha ar theaghlaigh. Theip orthu teach ar réiteach maidir le fiachas na leagáide.

### AN CIORCAL ÓRGA

Ar nós Fhine Fáil, lean Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre ar aghaidhleceapúcháin pholaitiúla ar bhoird agus theip orthugníomhú faoi thuarastail ardado pholaiteoirí,in earnáil na baincéireachtaagus inbhforais stáit.

# POBLACHT DO CHÁCH

Agus sinn ag tarraingt ar chothrom 100 bliain an Éiri Amach, tá tacaíocht d'idéil phoblachtacha ag méadú. Tá cíocras ar dhaoine ar son athrú fíor.

Is é Éirí Amach na Cásca an saineachtra agus is Forógra na Poblachta an saindoiciméad i stair Phoblachtánachas na hÉireann.

Is é ár dtasc a phrionsabail a chur i bhfeidhm ar Éire an lae inniu agus Éire aontaithe na gCothrom a gealladh san Fhorógra a bhaint amach.

Tá Sinn Féin ag lorg Éire aontaithe nua comhaontaithe. Táimid ag iarraidh Éire chóir, chothrom chomhionann a thógáil, Éire a bhfuil rath eacnamaíoch uirthi agus atá cuimsitheach go sóisialta agus go cultúrtha. Táimid ag iarraidh an dream is leochailí, seandaoine, páistí, daoine breoite, mionlaigh eitneacha, daoine atá faoi mhíchumas a chosaint - agus a chinntiú gurb é an comhionannas an bhunteist do gach beartas.

Tá an fhís phoblachtánach d'Éire aontaithe bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, na cuimsitheachta agus an fhlaithis. Ní féidir áit ar bith a bheith ann don seicteachas, eisiamh nó leatrom.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Leanúint ar aghaidh ag feachtasaíocht ar son reifrean uile-oileáin ar aontacht na hÉireann - tabhair cead cainte don phobal.
- Tógáil ar obair na Comhairle Aireachta uile-Éireann.
- Feachtas a fhearadh ar son ionadaíocht don Tuaisceart sa Dáil - ba chóir ballraíocht sa Dáil a thabhairt go huathoibríoch do Bhaill Pairliminte ó thuaidh le cearta comhairliúcháin agus cainte.
- Cearta vótála do thoghchán na hUachtaránachta a thabhairt do dhaoine sa Tuaisceart agus don Diaspóra Éireannach.
- An geilleagar uile-oileáin a fhobairt, lena n-áirítear cur chuige pleanáilte a bheith ann i leith na forbartha eacnamaíche ar fud oileán na hÉireann, an t-aon chóras cánach agus airgeadra amháin, ag comhtháthú forbairt infreastruchtúir agus Limistéar Forbartha Eacnamaíche na Teorann a chruthú leis an trádáil a chomhtháthú agus an toradh a uasmhéadú do ghnólachtaí na teorann.
- Feachtas a fhearadh ar son Bille um Chearta do gach Saoránach agus cairt buncheart uile-Éireann.
- An Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn.
- Reachtaíocht a thástáil maidir le comhionannas sula gceaptar í.
- Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn próiseas athmhuintearais.

# OBAIR CHUIBHIÚIL AR SON PÁ CUIBHIÚIL

Ní mór tosaíocht a dhéanamh d'obair chuibhiúil ar son pá cuibhiúil a chruthú, agus tiomantas ceart don earnáil FBManna. Oibríonn 70% den mhuintir atá fostaithe san earnáil phríobháideach do FBManna, agus is iad na gnólachtaí seo atá mar inneall dár ngeilleagar. I measc na mbealaí chun é a dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh in Éirinn tá soláthar poiblí a oscailt, r-thráchtáil a mhéadú agus deireadh a chur le cíos a théann in airde amháin.

In ainneoin bholscaireacht an rialtais, tá an dífhostaíocht ard go fóill agus na céadta míle duine ag síniú ar an dól, agus na mílte eile den mhuintir óg ag dul ar imirce fós. Tá fórsa oibre oilte s'againne ag fágáil ina sluaite mar gheall ar easpa deiseanna, tuarastal íseal agus easpa rochtana ar thithíocht agus ar chúram sláinte.

Tá 20% dár bhfostaithe i bpostanna a bhfuil tuarastal íseal leis. Tá laghdú ag teacht go fóill ar an bhfostaíocht in Iarthar na Tíre agus níos lú daoine fostaithe anois ó chuaigh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre isteach sa rialtas. Thug Sinn Féin reachtaíocht isteach chun cearta agus teidlíochtaí oibrithe a chosaint, chun cíos a théann in airde amháin a chur ar ceal, agus chun deireadh a chur leis an gcuid is measa den léiriú ar chreach-chaipitleachas mar a chonaic muid le déanaí ag Clerys.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Infheistiú i gcruthú post agus san fhás eacnamaíoch agus infheistíocht a dhíriú go sonrach ar bharántas don óige.
- An t-íosphá a mhéadú de €1 agus bogadh i dtreo pá maireachtála.
- Reachtaíocht a thabhairt isteach chun deireadh a chur le conarthaí náid uaireanta agus soláthar a dhéanamh do chonarthaí uaireanta bandáilte.
- Tosaíocht a dhéanamh d'athbhunú pá agus coinníollacha oibrithe san earnáil phoiblí a bhfuil pá íseal acu.
- Tacaí a thabhairt isteach do dhaoine a bhfuil míchumais acu agus ar mian leo bheith ag obair.
- Deireadh a chur le JobBridge agus GateWay agus scéimeanna fostaíochta agus scéimeanna fostaíochta comhphobail ar ardchaighdeán a chur ina n-áit.
- Tacú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide, lena n-áirítear soláthar poiblí a oscailt do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus mionghnólachtaí.
- Straitéis ríomhthrádála uaillmhianach a fhorbairt a choscfaidh sreabhadh na ndíolachán ar líne amach as Éirinn.

# CÓRAS CÁNACH COTHROM

Más áil linn caighdeáin Eorpacha sláinte, oideachais agus chúraim leanaí a bheith againn, ní mór acmhainntí a bheith ag an rialtas. Éilíonn téarnamh cothrom córas cánach a thógann ioncam dóthanach don rialtas ach a dhéanann sin ar bhealach atá cothrom céimnitheach.

Tá ár gcóras cánach an-mhíchothrom. Ó bhí 2008 ann tá sé déanta níos measa ag Fianna Fáil, Fine Gael agus an Lucht Oibre tríd an Muirear Sóisialta Uilíoch, an Muirear Maoine agus Táillí Uisce a thabhairt isteach.

Tá córas cánach níos cothroime ó Shinn Feinn, ceann ina n-íocfaidh gach duine agus gnólacht a gcion cothrom.

Táimid ag iarraidh an MSU a bheith athchóirithe leis an ualach ar dhaoine a shaothraíonn ioncam íseal agus measartha a laghdú. Is mian linn deireadh a chur leis an gCáin ar Bhaile Teaghlaigh agus le Táillí Uisce. Is mian linn chomh maith an saothrú iomlán cánach a mhéadú ar bhealach cothrom céimnitheach.

Tá rialacha caiteachais uainn freisin a mbaineann freagracht shóisialta, eacnamaíoch agus fhioscah leo.

Is iad rialacha reatha an AE maidir le caiteachas rialtais an tagmharc caiteachais agus na spriocanna fiachais agus easnaimh. Tá siad ceaptha leis an easnamh a laghdú ach tá costas suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus daonna ag baint leo.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Deireadh a chur le cánacha míchothroma - an Cháin ar Mhaoin agus Táillí Uisce.
- An mhuintir atá ar an íosphá a bhaint amach as líon an Mhuirir Shóisialta Uilíoch.
- An tríú ráta cánach ioncaim ar thuillimh aonair os cionn €100,000 a thabhairt isteach.
- Cáin ar ghlanshaibhreas aonair níos mó ná €1 milliún a thabhairt isteach, seachas talamh oibre feirmeoireachta agus sócmhainní gnó.
- An iomlán cánach mar chéatadán de OTI a mhéadú ar bhealach cothrom céimnitheach.
- An córas cánach a ollchóiriú lena chinntiú go gcuirtear deireadh le seachaint cánach, faoisimh mhíchothroma agus bealaí éalaithe.
- An tagmharc caiteachais a athchóiriú le hinfheistíocht shóisialta agus eacnamaíoch chiallmhar a cheadú.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh arís maidir le spriocanna laghdaithe easnaimh lena ndéanamh freagrach go sóisialta, go heacnamacúil agus go fioscach.

# CEART AR THITHÍOCHT

Tá foscadh ceart ar na riachtanais dhaonna is bunúsaí agus dá réir tá sé ar cheann de na cearta daonna is tábhachtaí. Ní aontaíonn an rialtas seo. Tá géarchéim tithíochta ollmhór romhainn. I nDeireadh Fómhair 2014 bhí líon na ndaoine ina gcodladh amuigh 20% níos airde ná an bhliain roimhe sin agus beagnach dhá oiread líon 2012. De réir fhigiúirí Aibreán 2015 tá 3,000 duine i gcóiríocht éigeandála. Tá a líon páistí gan dídean ag méadú leis.

Tá go fóill beagnach 90,000 teaghlach ar an liosta feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta. Bhí 104,693 theaghlach i riaráistí morgáiste. Ba é an líon cuntas i riaráistí thar 90 lá faoi dheireadh ná 74,395. Tá easpa gnímh an rialtais ar athshealbhuithe tithe agus ar chíosa atá ag ardú ag brú níos mó teaghlach amach as dídean.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- 10,000 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh roimh dheireadh 2017. Dhéanfaí seo a mhaoiniú trí infheistíocht straitéiseach de €1 billiún a dhéanamh chun breis agus 6,000 aonad a thógáil, chun an 1,700 a bhfuil buiséad ag an rialtas dóibh agus caiteachas breise caipitil i 2016/17.
- Rialuithe cíosa a thabhairt isteach, rud a chabhródh cosc a chur ar ardú líon na ndaoine gan dídean.
- An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talun agus Tíolactha a leasú le cosaint níos mó a thabhairt don Teach Teaghlaigh.
- An Banc Ceannais a chumasu le bheith in ann uasteorainneacha a chur ar an ráta athraitheach caighdeánach sna bainc a bhfuil tacaíocht stáit acu.

# ROCHTAIN AR CHÚRAM SLÁINTE

Ceart bunúsach is ea rochtain ar chúram sláinte i sochaí ar bith, ach ba ar an gcúram sláinte a buaileadh an chéad bhuile nuair a tháinig an cúlú eacnamaíochta. Tá duine as gach ochtar d'othair ar liostaí feithimh ospidéil sa scuaine le breis agus bliain. Tá daoine áirithe ag fanacht ar feadh ceithre bliana le comhairleoir a fheiceáil. Chonaic muid meath ar an tseirbhís otharchairr agus na hiarmhairtí marfacha a d'fhéadfaí bheith ann. Theip ar an rialtas an gealltanas a thug sé €35 milliún de mhaoiniú a imfhálú don mheabhairshláinte. Le linn thréimhse an rialtais seo, tháinig laghdú d'ionann agus 9,255 oibrí lánaimseartha sa chóras poiblí.

Tá ag teip ar an gcóras sláinte freastal ar dhaoine go fóill as siocair gur córas ar dhá leibhéal atá ann, córas atá poiblí-príobháideach. Níl rochtain ar chúram sláinte bunaithe ar riachtanas amháin. Baineann acmhainn an duine le híoc cuid mhór leis an rochtain ar chúram maidir le rochtain in am, agus, i gcuid mhór cásanna, leis an gcúram a thugtar.

## DHÉANFADH SINN FÉIN AN MÉID SEO A LEANAS:

- Thabharfaí isteach córas uilíoch cúraim shláinte trína dtugtar cúram saor in aisce do chách ag an bpointe seachadta, agus ar bhun riachtanais amháin.
- Rachfaí i ngleic le plódú sa Rannóg Éigeandála agus le géarchéim na dtralaithe.
- Chuirfí deireadh de réir a chéile fóirdheontais phoiblí do chúram sláinte príobháideach.
- Thabharfaí tús áite do chúram DG (Dochtúir Ginearálta) a leathnú, chuirfí deireadh le muirir oideas agus chinnteofaí go bhfaigheadh páistí atá breoite go trom agus atá míchumasaithe na cártaí leighis atá ag teastáil uathu.
- Laghdófaí agaí feithimh tríd an dianeaspa acmhainne a aisiompú trí oibrithe breise sna línte tosaigh a earcú.
- Dhéanfaí gníomh chun ár seirbhísí máithreachais a dhéanamh sábháilte trí mhná glúine breise a earcú.
- Mhéadófaí clúdach otharlainne do gach ceann de na ceithre réigiún.
- Mhéadófaí an buiséad chun féinmharú a chosc agus dhéanfaí feidhmiú céimneach ar altraí um Mheasúnacht Éigeándála Féinmharaithe i bpríomhchúram agus altraí idirchaidrimh in aonaid Timpistí agus Éigeandála.

# DUL I NGLEIC LEIS AN NGEARCHÉIM MAIDIR LE CÚRAM LEANAÍ

Tá an ghéarchéim maidir le curam leanaí casta agus éilíonn sí freagairt bheartais a bhfuil machnamh maith déanta ina leith. Caithfimid dul i ngleic le ceist na rochtana agus na hacmhainneachta. Is é costas cúraim leanaí €167 sa tseachtain (€8,684 per annum) le táillí chomh hard le €268 sa tseachtain i mBaile Átha Cliath.

Caithfimid aghaidh a thabhairt ar cheist na neamhdhaingneachta agus pa íseal d'oibrithe ar fud na hearnála cúraim leanaí.

Is túsphointe maithe é bliain réamhscoile ECCE ar an bhealach go soláthar uilíoch cúraim leanaí. Ach níl sé foirfe. Cuireann sé le conarthaí atá ar fáil d'oibrithe san earnáil a bheith páirtaimeartha agus ar ghearrthéarma. Tá a lán leanaí a bhfuil míchumais acu eisiata ó bheith in ann taibhe a bhaint as an mbliain réamhscoile ina hiomláine mar gheall ar easpa tacaíochtaí SNA. Mar sin ba choir an scéim, na leibhéil ráta caipitíochta agus an struchtúr seisiunach a fheabhsú sula ndúblófar í i mbliain eile.

Ní creidmheasa canach an tslat draíochta. D'fhéadfaí a luach a chreimeadh go tapa trí tháilli méadaithe de bharr an cheartbhrú ar phá ar fud na hearnála. Ní dhéanfaidh faoisimh chánach dada ach oiread le clár oibre na ndea-chaighdeán a chur chun cinn i seachadadh curaim leanaí.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara san earnáil le réiteach cuimsitheach agus buan ar an ngéarchéim sa churam leanai a fhorbairt.
- Meadu san infheistíocht sa chúram leanai státmhaoinithe a chinntiú.
- An bhliain réamhscoile ECCE a scrúdú agus a leasú lena chinntiú go bhfuil sí ag tabhairt téarmaí agus coinníollacha cuibhiúla dá sholáthraithe agus go bhfuil sí ag freastal ar riachtanais gach linbh agus tuismitheora.

# AN FÓD A SHEASAMH AR SON THUATH NA HÉIREANN

Tá fís ag Sinn Féin don tuath in Éirinn. Fís go ndéanfai áit de atá inbhuanaithe le maireachtáil agus le bheith ag obair inti. Áit mar a bhfuil an caighdeán maireachtála chomh maith céanna le caighdeán seirbhísí poiblí. Áit a bhfuil deis ag céimithe oilte oga fanacht agus a dtochaí a thógáil inti, áit a chuireann fáilte ar ais roimh imircigh arbh éigean dóibh imeacht le blianta beaga anuas.

Tá muintir na tuaithe in Éirinn bréan de go bhfuiltear ag plé leo mar shaoránaithe den dara grád, dubh dóite leis an tearcinfheistíocht agus feargach mar gheall ar an easpa post agus deiseanna. Tá sé in am athru.

Cé gurb iad an tearc-infheistíocht agus an neamart i measc phríomhchúiseanna na neamhchothromaíochta reatha, tá beartais rialtais ag déanamh tosaíochta i gcónaí de lárionaid uirbeacha ar an gcósta thoir.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Bailte tuaithe a athnuachan le gealltanas oifigí poist, leabharlanna, stáisiúin gharda agus seirbhísí eile faoi tuath a choinneáil oscailte agus beartais a cheapadh le tabhairt faoi rátaí gnó agus foirgnimh thrádála fholmha.
- Dul i ngleic leis an mbánu tuaithe le hathlonnaíocht tuaithe agus clár um pilleadh lucht an diaspóra.
- Ár mbeartais uile maidir le poist agus cúrsaí sóisialta a thástáil maidir le cúrsaí tuaithe lena chinntiú go scaiptear infheistíocht airgeadais agus fhisiciúil go cothrom ar fud an Stáit.
- Troid a fhearadh san Eoraip ar son gach tionscadal tuaithe agus feachtas a fhearadh ar son méaduithe i gcuótaí iascaireachta, siúcra agus eile.
- Cairt um chearta a thabhairt chun cinn dár n-oileáin.
- Corás iompar poiblí i réimsí tuaithe a chosaint.

# PLÉ LE FIACHAS

Ta fiacha poiblí agus priobháideacha ag craplú ár ngeilleagair agus na gcéadta mílte teaghlach.

Ta leas na mbanc curtha arís agus arís eile ag Fianna Fáil, Fine Gael agus an Lucht Oibre os cionn leas na sochaí agus leas teaghlach faoi bhrú. Doirteadh €64 billiún d'airgead cáiníocóirí isteach sna bainc.

Chuaigh os cionn €30 billiún go NAMA. Ach tá teaghlaigh atá i mbroid mhorgáiste agus gnólachtaí beaga atá ag streachailt fágtha le riar orthu féin.

Is é an sampla is soiléire de théarnamh éagothrom Fhine Gael agus Lucht Oibre an bealach ar phléigh siad leis na bainc i gcomparáid leis an mbealach ar phléigh siad le húinéirí ti agus gnólachtaí beaga.

In ainneoin a gcabaireachta roimh an toghchán, níor lorg Fine Gaeilge agus Lucht Oibre, fiú, scríobh síos san baincéireachta nimhiuil a bhrúigh Fianna Fáil ar mhuintir na hÉireann. Is é an mana a bhí acu go n-aisíocfar gach cent den fhiach seo.

San idirlinn, tugadh crosadh do bhainc ar shocruithe morgáiste le teaghlaigh atá ag streachailt.

D'úsáid siad an crosadh seo le cosc a chur ar shocruithe a ligfeadh do dhaoine fanacht ina dtithe agus tá imeachtaí dlí le tithe a athshealbhú méadaithe faoi dheich.

Creideann Sinn Féin go daingean go bhfuil socrú níos fearr maidir le fiachas poiblí agus príobháideach indéanta.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Caibidlí a athoscailt ar fhiach oidhreachta baincéireachta na hÉireann.
- Iarratas a dhéanamh ar athchaipitliu siarghabhálach AIB agus BoI sa Mheicníocht Chobhsaíochta Eorpach.
- An tAcht um Dhócmhainneacht 2013 a leasu le crosadh na mbanc a bhaint amach as agus leis an tréimse féimheachta a laghdu go 1 bhliain.
- Bru díreach ar na bainc a mhéadú le réitigh inbhuanaithe a thairiscint d'úinéirí tí maidir lena mbroid mhorgaiste a ligfeadh dóibh fanacht i dteach an teaghlaigh.
- An Banc Ceannais a threorú le stad de bheith ag plé le hathshealbhuithe agus géilliúil deonach mar "réitigh inmharthana" faoi na Spriocanna Réitithe um Riaráistí Morgáiste.

# BEALACH NUA LEIS AN BPOLAITÍOCHT A DHÉANAMH

Ta gá práinneach le hathchóiriú polaitiúil bríoch ar ár gcultúr polaitiúil agus ar an gcóras polaitiúil araon. Tá an roghad idir leanúint ar aghaidh le club na seanbhuachaillí a chosnaíonn agus chuireann chun cinn a mhuintir féin agus a cheapann reachtaíocht don mhionlach, seachas don mhoramh, agus cineál nua polaitíochta a thugann meas ar thoil dhaonlathach na ndaoine agus a fheidhmionn le trédhearcacht, comhionannas agus cothromaíocht.

Ta an chumhacht lárnaithe i lámha líon beag Airí. Tá ról bríoch sa phróiseas reachtaíochta séanta ar an Dáil, an Seanad agus Coistí an Oireachtas. Táthar i gcónaí ag baint den rialtas áitiúil cibé cumhacht a bhí aige tráth. Tá níos lú deiseanna fiú ag daoine tionchar a imirt ar na cinntí a bhaineann dá saol laethúil.

Léiríonn pá agus costais polaiteoirí cultúr pribhléide agus teidlíochta a bhí míchuí le linn am an rachmais agus atá mímhorálta, go díreach, sa lá ata inniu ann.

Léirigh an ghéirchéim bhaincéireachta do mhuintir na hÉireann go raibh lúb ann inar ceapadh daoine mar gheall ar a lucht aitheantais agus gurbh fhéidir airgead poiblí a usáid le híoc as fiacha lucht cearrbhachais airgeadais - ár gcuid airgid a shaothraíomar go crua a úsáideadh le bainc a tharrtháil.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Deireadh a chur le lárnú cumhachta i lámha líon beag Airí.
- An dlí a athrú le foráil a dhéanamh le haon TD atá páirteach i gcaimiléireacht, i mí-úsáid airgid phoiblí nó i gcalaois a tháinseamh nó a eiseamh ón Dáil.
- Tuarastail airí a chiorrú de 40% agus tuarastail TDanna agus Seanadóirí de 20%. Deireadh a chur le costais neamhdheimhnithe a íoc do pholaiteoirí.
- Cumhacht na dTeachtaí Dála a mhéadú leis an Rialtas a choinneáil freagrach agus leis an Taoiseach agus Airí a cheistiú ar cheisteanna tábhachtacha.
- An cumas a thabhairt do TDanna fíorthionchar a bheith acu i gceapadh reachtaíochta agus an chumhacht a thabhairt do gach TD reachtaíocht dhréachtach a thabhairt chun cinn lena breithniú ag an gcoiste ar a bhfuil siad ina mball.
- Cumhachtaí fiosraithe a thabhairt do choistí Dála agus cathaoirligh coistí a leithdháileadh go comhréireach ar bhonn neart páirtithe gan aon chúiteamh airgid breise ag baint leo.
- Ollchóiriú a dhéanamh ar cheapacháin ar bhoird Stáit lena chinntiú go bhfuil illstiúrthóireachtaí teoranta; gach ceapachán a dhéanamh trídhearcach; a chinntiú go bhfuil tuarastail stiúrthóirí cothrom; cuótaí inscne a chur i bhfeidhm; agus foráil a dhéanamh i gcomhair soláthar tráthúil cuntas agus iniuchóireacht rialta.
- Oifig Rialaitheora Pleanála a bhunú.
- An rialtas áitiúil a athchóiriu agus a chumhachtú, lena n-áirítear an daonlathas rannpháirteach a mhéadú.
- An aois vótála a laghdú go 16.
- Cearta vótála do thoghchán na hUachtaránachta a thabhairt do dhaoine atá ina gcónaí sa Tuaisceart agus don Diaspóra Éireannach.

# COMHCHEARTA DO GHAEILGEOIRÍ

Tacaíonn Sinn Féin leis an nGaeilge a bheith mar theanga labhartha i measc mhóramh de mhuintir na hÉireann in athuair agus sochaí dhátheangach a chruthú. Creidimid gur chóir go mbeadh Aire Gaeilge agus Gaeltachta ann sa Dáil a bhfuil sé de dhualgas air nó uirthi beartas teanga a chur i bhfeidhm. Dhéanfaimis athbhreithniú iomlán ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus dhéanfaimis í a uasghrádú, neartóimis Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tacaímid le hAcht na Gaeilge ó Thuaidh. Tá comhionannas mar chuid lárnach de shochaí dhaonlathach agus áirítear leis seo cearta Gaeilgeoirí. Léirigh an tAire Carál Ní Chuilinn an tiomantas polaitiúil atá ag Sinn Féin maidir lenár dteanga dhúchais. Shínigh breis agus 10,000 duine le feachtas Líofa a Roinne chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

## IS É A DHÉANFADH SINN FÉIN:

- Athbhreithniú agus uasgrádú iomlán ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus maoiniú breise a chur ar fáil lena dheimhniú go dtarlóidh sí. Ba chóir go mbeadh ról ní ba láidre ag an gCoimisinéir agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.
- Na moltaí ó thuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar an nGaeltacht agus ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm.
- Stádas iomlán don Ghaeilge san Aontas Eorpach – agus deireadh a chur leis an maolú anois.
- An maoiniú d'Údarás na Gaeltachta agus d'Fhoras na Gaeilge a mhéadú.
- Cearta cuí teanga a chur ar fáil do shaoránaigh agus réimse agus caighdeán na seirbhíse ar féidir le saoránaigh na hÉireann bheith ag dúil leo ón Stát a chinntiú.
- Fócas soiléir ón Rialtas a fhorbairt maidir le saol agus forbairt na gceantar Gaeltachta. Tá todhchaí na Gaeilge ag brath ar cheantair Ghaeltachta bheith ann ina mbíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail.